


Forbairt Bonneagair Straitéisigh



Bileog **14**
Phleanála



Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage



Forbairt Bonneagair Straitéisigh

Sa bhileog seo minítear Forbairt Bonneagair Straitéisigh (SID) ag fobróirí san earnáil phríobháideach, agus na nósanna imeachta atá i gceist le hiarratas a dhéanamh ar chead pleanála don chineál seo forbartha. Tá próisis éagsúla ag cineálacha eile SID, amhail tograí a bhaineann le bonneagar gáis agus leictreachais. Níl an bhileog seo ceaptha le bheith ina threoir phraiticiúil. Ní léirmhíniú deifnídeach dlí ar an dlí pleanála. Le haghaidh tuilleadh eolais, ba chóir duit dul i gcomhairle leis an mBord Pleanála (an Bord).

1. Cad is Forbairt Bonneagair Straitéisigh ann?

Tá foráil san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, do phróiseas speisialta d'iarratais phleanála don Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (SID). Ceadáíonn an nós imeachta d'iarratas a dhéanamh go díreach leis an mBord seachas leis an údarás áitiúil.

Leagtar amach cineálacha agus méid na forbartha a thiteann faoi SID sa Seachtú Sceideal leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh. Áirítear leo tograí móra in earnálacha an fhuinnimh, an iompair, an chomhshaoil agus na sláinte.

Le cáiliú mar SID, ní mór d'fhorbairt atá beartaithe a bheith i gceann de na ranganna speisialta atá leagtha amach sa Seachtú Sceideal agus ní mór dóibh na tairseacha forbartha sonraithe sa rang sin a shárú. Mar shampla, áis chúram sláinte le breis agus 100 leaba, nó feirm ghaoithe le breis agus 25 tuirbín nó aschur iomlán de bhreis agus 50 meigeavata.

Ansin cinneann an Bord (i ndiaidh comhairliúcháin fhoirmiúil) maidir leis an bhforbairt atá beartaithe:

- cé acu an mbeadh sé tábhachtach Stát ón taobh straitéiseach, eacnamaíoch nó sóisialta don Stát nó don réigiún ina mbeadh sé lonnaithe; agus/nó

- go gcuideodh sé go mór le haon cheann de na cuspóirí a bhaint amach atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála nó sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch don áit (nó na háiteanna) don fhorbairt; agus/nó
- go mbeadh tionchar suntasach aige ar an limistéar de níos mó ná údarás pleanála amháin.

Má shásaíonn an fhorbairt atá beartaithe, (mar shampla ospidéal le 100 leaba) aon cheann de na critéir seo, ansin is féidir a mheas gur SID é, agus is féidir iarratas ar chead pleanála a dhéanamh go díreach leis an mBord. Mura sásaíonn, ansin déantar an t-iarratas leis an údarás pleanála áitiúil.

Ní mór iarratas SID a bheith á thionlacan ag Tuarascáil ar Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR). B'fhéidir go mbeidh Ráiteas Tionchair Natura (NIS) de dhíth freisin, ag brath ar chúinsí an cháis.

2. Cad é an nós imeachta a leanantar d'Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh?

Céim 1: Comhairliúchán réamhiarratais

Tá comhairliúcháin réamhiarratais de dhíth do na cásanna féideartha SID go léir. Cuireann an próiseas comhairliúcháin ar chumas an Bhoird a chinneadh cé acu an ionann an forbairt atá beartaithe agus SID.

Ní mór comhairliúchán a iarraidh (i scríbhinn) sula ndéantar iarratas. Is éard atá sa phróiseas consists eolas scríofa agus cruinnithe idir bhaill an Bhoird agus an t-iarrthóir ionchasach. Coinnítear taifead ar na cruinnithe seo. Tá an taifead ar fáil do scrúdú poiblí nuair a bhíonn an próiseas curtha i gcrích go foirmiúil.

I rith an chomhairliúcháin réamhiarratais, féadfaidh an Bord dul i gcomhairle freisin le haon duine eile a bhfuil, dar leis, eolas ábhartha aige, lena n-áirítear an t-údarás áitiúil ina bhfuil sé ar intinn an fhorbairt atá beartaithe a lonnú. Chun an pobal a choinneáil ar an eolas, ní mór don Bhord:

- liosta seachtainiúil a fhoilsiú de na ‘cásanna a fuarthas’, lena n-áirítear iarratais ar chomhairliúcháin; agus
- liosta seachtainiúil a fhoilsiú de na ‘cásanna a cinneadh’ lena n-áirítear comhairliúcháin a cuireadh i gcrích.

Tá taifid an Bhoird den chomhairliúchán réamhiarratais ar fáil ach iad a iarraidh le scrúdú agus le ceannacg nuair a bhíonn críochnaithe. Ach is féidir le comhairliúcháin do thograí casta síneadh thar threimhsí fada. Ní féidir leis an mBord críoch a chur le próiseas an chomhairliúcháin réamhiarratais agus cinneadh a dhéanamh nuair a iarrann an t-iarrthóir ionchasach é. Ndiaidh an chomhairliúcháin réamhiarratais, déanann an Bord cinneadh cé acu an SID é forbairt atá beartaithe agus eisióinn sé ceann amháin de na fógraí foirmiúla seo a leanas:

A: RANGAITHE MAR SID – LEAN AR AGHAIDH GO DTÍ IARRATAS SID: Déantar an t-iarratas chuig an mBord agus ní mór dó teastas an Bhoird ag dearbhú gur SID é a chur san áireamh leis; *nó*

B: GAN A BHEITH RANGAITHE MAR SID – LEAN AR AGHAIDH LE HIARRATAS TRÍ UDARÁS PLEANÁLA: Déantar an t-iarratas chuig an údarás pleanála áitiúil mar is iondúil faoi Alt 34 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, ach féadfaidh sé a bheith faoi réir ag acmhomharc leis an mBord.

Céim 2: Scoipeáil

Nuair atá fógra eisithe ag an mBord le hiarrthóir ionchasach, ag cur in iúl don iarrthóir go measann sé gur SID é togra, is féidir leis an iarrthóir ionchasach iarraidh ar an mBord tuairim scríofa a thabhairt maidir leis an eolas ba chóir a bheith san áireamh i dTuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR), maidir leis an bhforbairt atá beartaithe. Tugtar ‘scoipeáil’ air seo.

Ní mór don iarratas seo a bheith i scríbhinn, agus ní mór dó a dhóthain eolais a áireamh faoin bhforbairt atá beartaithe le cur ar chumas comhlachtaí forordaithe aighneachtaí oilte a dhéanamh agus ar chumas an Bhoird tuairim a thabhairt i dtaca leis an iarratas.

Roimh thuairim scoipeála a thabhairt, ní mór don Bhord dul i gcomhairle le comhlachtaí atá sonraithe ag an Aire, lena n-áirítear

an t-údarás pleanála cuí. Féadfaidh sé freisin aighneachtaí nó tuairimí a lorg ar chomhlachtaí forordaithe eile maidir leis an eolas atá le cur san áireamh san EIAR.

Próiseas roghnach is ea é seo nach mór a thionscnamh ag an iarrthóir ionchasach agus, le fírinne, is annamh a úsáidtear é.

Céim 3: Iarratas pleanála a ullmhú agus a chur isteach

Roimh iarratas a dhéanamh leis mBord ní mór don iarrthóir fógra faoin iarratas beartaithe a fhoilsiú i nuachtán a dháiltear sa chomharsanacht, nach mór a rá:

- go bhfuil iarratas le déanamh leis an mBord ar chead/faomhadh laistigh de scála ama sonraithe (ar a laghad sé seachtaine);
- nádúr agus suíomh na forbartha atá beartaithe;
- go bhfuil EIAR agus NIS ullmhaithe (más gá);
- amanna agus áiteanna ar féidir an t-iarratas (agus EIAR/NIS) a scrúdú agus a cheannach;

- gur féidir aighneachtaí agus tuairimí a chur chuig an mBord laistigh de thréimhse a a shonraítear san fhógra (nach mór a bheith ar a laghad six seachtaine); agus
- na cineálacha de chinneadh is féidir leis an mBord a dhéanamh agus gur féidir leis an bpobal agus páirtithe eile, e.g. comhlachtaí forordaithe aighneacht a dhéanamh leis an mBord, agus nach mór don Bhord fógra go bhfuarthas an t-iarratas a áireamh ina liosta seachtainiúil de chásanna nua.

3. Cén doiciméid is gá a chur isteach le hiarratas SID?

Agus iarratas á dhéanamh ar chead pleanála, ní mór don iarrthóir na nithe seo a leanas a chur isteach i scríbhinn chuig an mBord:

- foirm iarratais chomhlánaithe;
- cóipeanna de phleananna agus sonraí den fhorbairt atá beartaithe, lena n-áirítear an EIAR, agus son phleananna, sonraí nó eolas eile atá de dhíth ar an mBord (déanfar líon na gcóipeanna agus a bhformáid a shoiléiriú le linn chéim an chomhairliúcháin réamhiarratais);



- cóip den bhfógra (nó na fógraí) a foilsíodh lena n-áirítear aon fhógra láithreáin (más gá);
- liosta de na comhlachtaí ar tugadh fógra dóibh faoin iarratas agus comhartha faoin dáta ar a tugadh fógra dóibh;
- liosta d'aon fógraí poiblí eile nó comhairliúcháin phoiblí eile, agus comhartha faoi dháta nó dátaí an fhógra (na bhfógraí) nó na gcomhairliúcháin sin (lena n-áirítear aon fhógra nó comhairliúchán éilithe ag an mBord agus a cuireadh in iúl don iarrthóir ionchasach i gcainteanna réamharratais); agus
- Go táille iarratais, atá iníoctha nuair atá an t-iarratas á chur isteach.

Ní mór don iarrthóir freisin líon forordaithe de chóipeanna den iarratas agus EIAR/NIS a chur chuig:

- an t-údarás pleanála/na húdaráis phleanála chuig; agus
- aon údaráis forordaithe.

4. An bhfuil údaráis phleanála páirteach sa phróiseas?

Tá deich seachtaine ag an údarás pleanála le tuarascáil a ullmhú don Bhord (nó níos faide má shonraíonn an Bord é sin). Ba chóir don tuarascáil a chur san áireamh tuairimí an údaráis phleanála maidir le tionchair na forbartha beartaithe ar an timpeallacht, na tionchair is dócha a bheidh ar shuíomh Eorpach ar bith, más ábhartha, agus an phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ar limistéar an údaráis phleanála le haird, go háirithe, ar chúrsaí faoi Alt 34(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh.

Is féidir leis an údarás liosta a chur isteach freisin de choinníollacha molta má bhronann an Bord cead pleanála.

Ní mór do Phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil an tuarascáil seo a chur faoi bhráid bhaill tofa an údaráis áitiúil agus a dtuairimí a lorg faoin bhforbairt bheartaithe. Féadfaidh na baill tofa cinneadh moltaí a cheangal, nach mór a chur san áireamh sa tuarascáil don Bhord.

5. An mbeidh éisteacht ó bhéal d'iarratas SID?

Go minic cinnfidh an Bord ar éisteacht ó bhéal a eagrú ar iarratais SID de bharr castachtaí na saincheisteanna atá i gceist. Cé gur féidir leis an iarrthóir SID, comhlachtaí forordaithe agus baill den phobal éisteacht ó bhéal a lorg, tá lánrogha ag an mBord a chinneadh ar éisteacht a eagrú nó gan a eagrú. Féadfaidh an Bord freisin cinneadh ar éisteacht ó bhéal 'le clár oibre teoranta' a eagrú le déileáil le saincheisteanna sonracha agus, sa chás sin, ní féidir ábhair bhreise a ardú.

Déantar an éisteacht ó bhéal a riar ag cigire a cheapfaidh an Bord. Cinnfidh an cigire cé mar a dhéanfar an éisteacht ó bhéal a riar.

Féadfaidh baill den phobal agus comhlachtaí forordaithe aighneacht a dhéanamh leis an éisteacht ó bhéal. Más rud é nach ndearna ball den phobal aighneacht le linn na tréimhse forordaithe, féadfar cead a thabhairt dóibh ionchur a dhéanamh leis an éisteacht ó bhéal, ach ní féidir é a dhéanamh ach amháin nuair a mheastar é a bheith cú

chun leas an cheartais agus faoi réir ag aon táille breathnóra a íoc.

6. Conas a mheastar an t-iarratas?

Ullmhóidh cigire an Bhoird tuarascáil ar an iarratas pleanála. Pléifidh an tuarascáil le haighneachtaí, lena n-áirítear an éisteacht ó bhéal. Áireofar leis an tuarascáil freisin measúnacht ar na saincheisteanna pleanála agus comhshaoil a bhaineann leis an bhforbairt atá beartaithe.

Mólfaidh an Cigire don Bhord cé acu ar chóir cead pleanála a bhronnadh nó a dhiúltú. Áireoidh an Cigire na cúiseanna agus na boinn ar a bhfuil an moladh sin bunaithe. Más rud é gurb é an moladh uathu cead pleanála a bhronnadh, molfar coinníollacha freisin freisin i ngach cás seachas cásanna eisceachtúla. Féadfaidh an Cigire a mholadh freisin go ndéanfaí cuid den fhorbairt bheartaithe a cheadú, agus cuid a dhiúltú ('cinneadh scoilte').

Ansin cuirtear an tuarascáil seo, in éineacht leis an eolas ar fad a cuireadh isteach, chuig an mBord, dá mheasúnú agus cinneadh.

Agus a chinneadh á dhéanamh aige, ní mór don Bhord a mheas:

- an EIAR agus aon eolas ábhartha eile a bhaineann leis na hiarmhairtí is dócha a bheidh ag an bhforbairt ar phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe sa cheantar ina bhfuil an fhorbairt bheartaithe ceaptha le bheith lonnaithe agus na tiomchair is dócha a bheidh ar an gcomhshaoil;

- aon aighneachtaí/tuairimí déanta ag an bpobal/breathnóirí faoin iarratas;
- tuarascáil an Chigire ceaptha ag an mBord leis an gcás a scrúdú lena n-áirítear an tuarascáil ó aon éisteacht ó bhéal a tionóladh faoin iarratas;
- tuarascáil an údaráis phleanála, aon mholtaí a rinneadh le rún ag na baill tofa agus taifead an riarthóra ar an gcruinniú a bhí ceangailte;
- aon eolas breise a cuireadh isteach mar fhreagra ar iarratas ón mBord;
- forálacha an phlean forbartha nó na bpleananna don cheantar agus aon ordú limistéar taitneamhachta speisialta;
- más suíomh Eorpach an limistéar nó cuid den limistéar agus dá mba rud é go mbeadh tionchar ag an bhforbairt bheartaithe ar shuíomh Eorpach;
- beartais agus cuspoírí an Rialtais, údaráis Stáit, an Aire, údaráis phleanála agus aon chomhlachta eile atá ina údarás poiblí a bhfuil baint ag a bhfeidhmeanna, nó a bhféadfadh baint a bheith ag a bhfeidhmeanna, a bheith, ar phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ar chathracha, bailte nó limistéir eile;
- an leas náisiúnta agus saincheisteanna le tábhacht straitéiseach, eacnamaíochta nó sóisialta don Stát;
- an Creat Náisiúnta Pleanála agus aon Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch atá i bhfeidhm; agus
- aon fhorálacha ábhartha den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh.

Cé go mbeidh aird ag an bBord ar bheartais agus cuspóirí an phean forbartha áitiúil nó, má tá tionchar ag an bhforbairt ar nós mó ná údarás áitiúil amháin, na pleananna forbartha áitiúla ábhartha go léir, féadfaidh an Bord cinneadh ar chead a bhronnadh don fhorbairt atá beartaithe, fiú má dhéanann sé sárú ábhartha ar an bplean forbartha.

Agus measúnacht á dhéanamh aige ar an iarratas pleanála, féadfaidh an Bord iarratais bhreise a dhéanamh lena n-áirítear:

- I. iarraidh ar an iarrthóir tuilleadh eolais a chur isteach, lena n-áirítear EIAR leasaithe (agus, más suntasach, an fhíric seo a fhógairt agus fáilte a chur roimh aighneachtaí);
- II. a thabhairt le fios go bhfuil sé ag smaoinemh ar chead a bhronnadh, faoi réir ag an iarrthóir sonraí, pleananna nó líníochtaí leasaithe i dtaca leis an bhforbairt a chur isteach; nó

- III. tuuilleadh aighneachtaí/ tuairimí a lorg ón iarrthóir, nó ó aon duine eile a chuir isteach aighneachtaí nó tuairimí, nó aon duine eile a mheasann an Bord go bhfuil eolas ábhartha acu.

7. Cén cineálacha de chinneadh is féidir leis an mBord a dhéanamh i dtaca le hiarratas SID?

Agus cinneadh á dhéanamh i dtaca le hiarratas SID, féadfaidh an Bord:

- cead a bhronnadh;
- leasuithe a dhéanamh ar an bhforbairt atá beartaithe mar a shonraíonn sé ina chinneadh agus cead a bhronnadh i dtaca leis an bhforbairt 'leasaithe';
- cead a bhronnadh i dtaca le cuid den fhorbairt atá beartaithe (le leasuithe sonraithe air den chineál atá luaite cheana nó gan iad); nó
- cead a dhiúltú.



Agus cead á bhronnadh, féadfaidh an Bord a cheangal leis:

- coinníoll i dtaca leis an bhforbairt atá beartaithe;
- coinníoll a éilíonn go n-íocfar ranníocaíocht nó ranníocaíochtaí forbartha;
- coinníoll a éilíonn go gcuirfear tuilleadh eolais isteach sula dtosófar ar fhorbairt; agus
- coinníoll a éilíonn, go hiomlán nó i bpáirt, (i) saoráid a thógáil nó a mhaoiniú, nó (ii) seirbhís a sholáthar nó a mhaoiniú, sa cheantar ina mbeadh an fhorbairt atá beartaithe lonnaithe, is í sin saoráid nó seirbhís a bheadh, i dtuairim an Bhoirdm ina tairbhe suntasach don phobal.

Ach má cheadaíonn an Bord SID a éilíonn ceadúnas um Astuithe Tionscnlaíochta (IED), ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruaillíú (IPC) nó Ceadúnas Dramhaíola ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), ní féidir leis an mBord coinníollacha a cheangal a bhaineann le rialuithe astuithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht le ceadú, toisc go ndéileáil an EPA leo seo e.g. luachanna teorann astuithe cáilíochta aerir ó mhonarcha incheadaithe nó stáisiún dramhaíl go fuinneamh.

Féadfaidh an Bord, afách, cead a dhiúltú más rud é, d'ainneoin próiseas ceadúnaithe EPA, go measann an Bord go bhfuil an fhorbairt atá beartaithe do-ghlactha ar chúinsí comhshaoil, le haird ar phleanáil cheart agus agus forbairt inbhuanaithe an cheantair

ina mbeadh an fhorbairt atá beartaithe lonnaithe.

8. Conas a thabharfar fógra dom faoi chinneadh?

Tugtar fógra faoin gcinneadh sa phost do chách a bhfuil baint acu leis an iarratas (lena n-áirítear iad siúd a rinne aighneachtaí agus a labhair ag éisteacht ó bhéal). Foilsítear an cinneadh ar shuíomh gréasáin an Bhoird freisin.

9. Cad í an teorainn ama le cinneadh a dhéanamh faoi thogra SID?

Tá an Bord faoi réir ag cuspóir reachtúil le cásanna SID a chinneadh laistigh de 18 seachtaine ag tosú ar an lá deiridh le haghneachtaí a fháil ón bpobal.

Is féidir le tograí SID beartaithe a bheith mór agus casta agus gá a bheith acu le machnamh cuimsitheach a dhéanamh ar na saincheistanna ábhartha go léir. Is féidir freisin go mbeidh gá le neart ama a chaitheamh ar an eolas ábhartha ar fad a fháil. Dá bhrí sin, b'fhéidir nach mbeidh sé indéanta nó iomchuí an cás a chinneadh laistigh den bhfráma ama 18 seachtaine, go háirithe má bhíonn éisteacht ó bhéal ann. I gcásanna dá leithéid, ní mór don Bhoird fógra a thabhairt do chách lena mbaineann agus dáta leasaithe a thabhairt faoina bhfuil sé ar intinn aige cinneadh a dhéanamh ar an gceist.

10. Conas is féidir liom páirt a ghlacadh sa phróiseas SID?

Tá rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála riachtanach le cinnteoireacht thrédhearcach dhaingean a chinntiú. Sa reachtaíocht pleanála do SID tugtar tréimhsí ama sonraithe nuair a thugtar cuireadh don phobal agus eagraíochtaí leasmhara a dtuairimí a thabhairt. Sula ndéanfar an t-iarratas leis an mBord, ní mór fógraí a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó a dháiltear sa cheantar, a shonraíonn na hamanna agus na háiteanna inar féidir an t-iarratas a fheiceáil, saor in aisce, ar feadh tréimhse sé seachtaine ar a laghad.

Is féidir leat cóipeanna den iarratas a cheannach ar chostas nach bhfuil níos airde ná an costas réasúnta ar chóip a dhéanamh. Beih sonraí ar fáil freisin le híoslódáil saor in aisce.

I bhfianaise scála agus castacht roinnt cásanna SID, b'fhéidir go mbeidh sé tairbheach do phobail comhordú a dhéanamh ar bhailiú eolais agus ullmhú a n-aighneachtaí. B'fhéidir go mbeidh sé ina chuidiú freisin ionchr a fháil ó ghairmeoir atá cáilithe mar is cuí. Má tá aighneacht déanta agat agus má eagraítear éisteacht ó bhéal, tabharfar fógra duit faoi na socruithe agus beidh an deis agat aighneacht bhreise a dhéanamh ó bhéal ag an éisteacht.

11. An féidir liom achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh a dhéanann an Bord?

Ní féidir. Níl aon achomharc i gcoinne cinneadh an Bhoird ar iarratas SID.

Ní féidir an dúshlán a thabhairt do bhailíocht cinnidh ar bith de chuid an Bhoird i gcás SID ach amháin trí athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt laistigh d'ocht seachtaine ón gcinneadh.

Tá sé tábhachtach a nótaíl nach n-athosclóidh an chúirt fiúntais phleanála an cháis agus nach mór don duine a bhfuil an t-athbhreithniú breithiúnach á lorg acu leas a dhóthain a bheith acu sa scéal.


Agus a chinneadh á eisiúint aige, cuireann an Bord eolas ar fáil maidir le nósanna imeachta i dtaca le hathbhreithniú breithiúnach.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón mBord Pleanála, fón (01) 8588100, www.pleanala.ie nó ó d'údarás pleanála áitiúil.

Leagtar amach an dlí lena rialaítear an córas pleanála san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 mar a leasaíodh. Is féidir leat iad seo a cheannach ó Oifig Díolacháin Foilseachán an Rialtais, fón (01) 6476834 nó ag publications@opw.ie nó iad a íoslódáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta www.gov.ie/housing. Tá an reachtaíocht ar fáil freisin le feiceáil agus le híoslódáil ó: www.irishstatutebook.ie.

Oifig an Rialaitheora Pleanála
An Ceathrú hUrlár (An Sciathán Thiar)
Teach na Páirce
Gráinseach Ghormáin
191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7
D07 EWW4

opr.ie
info@opr.ie
01 854 6700



Séanadh: Arna eisiúint Eanáir 2021. Cé gur glacadh gach cúram agus an bhileog eolais phleanála seo á hullmhú, ní ghlacann Oifig an Rialaitheora Pleanála aon fhreagracht agus ní thugann aon bharántas as cruinneas, iomláine nó nádúr cothrom le dáta na faisnéise a thugtar agus ní ghlacann aon dliteanas ag éirí as aon earráid nó easnamh. Tabhair fógra faoi aon earráid nó easnamh agus aon tuairim le r-phost chuig info@opr.ie